

Má labhraíonn mo pháirtí teanga eile?

- Ní bhíonn mearbhall ar pháistí dátheangacha faoi úsáid na dteangacha éagsúla.
- Uaireanta, bíonn tréimhsí ann nuair a úsáideann páiste teanga amháin níos mó ná teanga eile, nó b'fhéidir go bhfreagróidh sé/sí thú i dteanga an phobail. Lean ort ag labhairt do theanga féin, mar cuirfidh sé seo leis an tuiscint atá ag do pháistí ar an teanga.
- Cuimhnigh go mbíonn am ag teastáil le teangacha a fhoghlaim.

Céard faoi theangacha a mheascadh?

- Meascann daoine dátheangacha/ilteangacha a gcuid teangacha go minic. Is rud nádúrtha é seo a bhfuil scil ag roinnt leis. Ní chiallaíonn sé go bhfuil deacrachtaí teanga ag do pháiste.

Tuilleadh eolais agus comhairle phraiticiúil ag www.talknua.com

Ag labhairt níos mó ná teanga amháin sa bhaile



NUI Galway
OÉ Gaillimh



www.talknua.com

An labhraíonn tú níos mó ná teanga amháin le do pháiste?

‘Páiste dátheangach nó ilteangach’ tuigean agus/nó labhraíonn sé/sí dhá theanga nó níos mó

‘Teanga an bhaile’ an teanga nó na teangacha a labhraíonn tú sa bhaile le do pháiste

‘Teanga an phobail’ an teanga nó na teangacha a labhraíonn mórchuid den phobal taobh amuigh den bhaile – sna siopaí, sna nuachtáin, ar an teilifís srl.

Labhraíonn breis agus leath de dhaonra an domhain dhá theanga nó níos mó.

Cathain is ceart tosú ar dhá theanga a labhairt le mo pháiste?

Ní bhíonn sé riamh ró-luath. Bíonn an leanbh sa bhroinn in ann cloisteáil ag 26 seachtain.

Bíonn leanaí in ann teangacha a aithint óna chéile sula dtagann said ar an saol fiú amháin. Tá neart bealaí ann chun páiste a thógáil go dátheangach/ilteangach. Déan an rud is fearr duit féin agus do do chlann.

Ar chóir dom Béarla a labhairt le mo pháiste?

- Ní chaithfidh tú, mar bíonn an Béarla le cloisteáil go minic sa saol poiblí. Foghlaimeoidh do pháiste é ó chairde, ón teilifís srl.
- Bíonn teanga an bhaile i gcontúirt nuair a thosaíonn do pháiste ag foghlaim Béarla. Mar sin, tá sé fíor-thábhachtach go gcothaíonn tú teanga an bhaile ón tús.

An mbeidh moill ar fhorbairt teanga an pháiste?

- Ní bheidh, m.sh. tosaíonn an páiste dátheangach agus an páiste aonteangach araon ag déanamh gleoanna thart ar 7 mí d’aois; bíonn na chéad focail acu ag 12-15 mí d’aois, de ghnáth.
- Is féidir le páistí le siondróm Down, nó le huathachas, a bheith dátheangach/ilteangach freisin.

